C/2025/311

15.1.2025

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11861 – TOWERBROOK / JC FLOWERS / RAILSR / EQUALS)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/311)

1. An 3 Eanáir 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— J.C. Flowers & Co. LLC ('J.C. Flowers', na Stáit Aontaithe),

— TowerBrook Capital Partners (U.K.) LLP ('TowerBrook', an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe),

— Embedded Finance Limited ('Railsr', an Ríocht Aontaithe),

— Equals Group Plc ('Equals', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh TowerBrook agus J.C. Flowers rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Railsr agus Equals ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta príobháidí é J.C. Flowers atá dírithe ar infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí airgeadais,

— Is gnólacht bainistíochta infheistíochta príobháidí é TowerBrook a infheistíonn in earnálacha éagsúla lena n-áirítear earnáil na dtomhaltóirí, an earnáil airgeadais, an earnáil cúraim sláinte, an earnáil tionsclaíochta, an earnáil teicneolaíochta, earnáil na meán agus earnáil na ngnólachtaí seirbhísí,

— Cuireann Railsr ardán airgeadais leabaithe ar fáil, lenar féidir seirbhísí airgeadais a chomhtháthú laistigh de tháirgí nó seirbhísí cuideachtaí, chomh maith le táirgí agus seirbhísí cárta leabaithe,

— Forbraíonn agus díolann Equals ardáin inscálaithe go príomha chun cur ar a gcumas do ghnólachtaí sreafaí airgid a bhainistiú trína tháirgí íocaíochta agus cártaí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11861 – TOWERBROOK / JC FLOWERS / RAILSR / EQUALS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË